



An  
Bord  
Pleanála

# AN BORD PLEANÁLA

## Treoirlínte agus Polasaí maidir le Soláthar Poiblí 2013

---

Arna leasú ag an mBord Pleanála 23 Deireadh Fómhair, 2014

# **1. Réamhrá**

## **(1) Beartais um Sholáthar Poiblí**

Tá sé mar pholasáí ag an mBord Pleanála socruithe a chur i bhfeidhm a thugann an luach is fearr ar airgead nuair a fhaigheann an Bord earraí nó seirbhísí. Bíonn an Bord ag cloí le prionsabail a bhaineann le hoscailteacht, le trédhearcacht agus le freagracht nuair a bheidh gníomhaíocht soláthair le déanamh ag an mBord agus glacann an Bord go gcaithfear cloí leis na dualgais atá air faoi na Treoracha AE agus Náisiúnta, faoi reachtaíocht agus faoi mholtaí.

Faoi réir Bheartais an Rialtais bíonn an Bord mar chomhlacht poiblí ag cloí leis na modhanna imeachta le haghaidh soláthairtí poiblí atá leagtha síos i dTreoirlínte um Sholáthairtí Poiblí – arna foilsiú ag an Roinn Airgeadais i 2004 agus rinneadh nuashonrú ar na Treoirlínte i 2009 faoi theideal “Treoirlínte um Sholáthairtí Poiblí 2000”.

Is bunphrionsabal é de sholáthar poiblí ná go mbíonn próiseas iomaíoch ann.

Braitheann an cineál próisis ar luach agus ar nádúr na gceanglas a bheidh i gceist.

Tá ceangal dlíthiúil ann tabhairt faoi phróiseas iomaíoch nuair a bhíonn luach na gconarthaí os cionn na dtairseacha Eorpacha agus iad siúd a bhronnadh ar aon dul leis Treoracha um Sholáthairtí Poiblí an AE agus an Comhaontú um Sholáthairtí Rialtais (CSR) na hEagraíochta Trádála Domhanda i gcásanna ábhartha.

## **(2) Plean Corparáideach le haghaidh Soláthair**

Tá Beartas an Bhoird le haghaidh Soláthair mar chuid den Phlean Bliantúil agus Phleanáil Straitéiseach agus mar chuid den Phróiseas Buiséid. Déantar Plean Corparáideach le haghaidh Soláthair gach bliain agus cuirtear é faoi bhráid Bhord an Bhoird Phleanála chun formheas a fháil.

## **(3) Comhaontuithe Réime**

Faoi réir Ciorcláin 06/16 maidir le Soláthar Poiblí (Comhaontuithe Réime) eisithe ar an 25 Iúil, 2012 ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá sé de dhualgas ar An Bord Pleanála mar chomhlacht poiblí úsáid a bhaint as lárchonarthaí atá curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) agus ag Oifig um

Sholáthar an Rialtais (OSR) ó Mhí an Mheithimh 2013, nuair a fhaightear earraí nó seirbhísí áirithe. San Aguisín 1 de Chiorclán 06/12 léirítear na catagóirí atá i dtosach báire faoi réir an ordaithe.

Baineann na Ciorcláin 2/09 agus 2/11 ón Roinn Airgeadais maidir le catagóirí atá faoi chomhaontuithe réime TF agus faoi chomhaontuithe réime cumarsáide, atá faoi bhainistiú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haon cheannach TFC atá le déanamh ag an mBord Pleanála.

Is é bunphrionsabal na gclár seo ná go gcaithfear i gcás aon cheannach TFC (seachas ceannach atá le déanamh i gcás práinneach) cead roimh ré a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chomh maith le haon riachtanas eile sna nósanna imeachta le haghaidh soláthair.

#### **(4) Soláthar Poiblí atá Glas**

Faoi réir phlean gníomhaíochta an Rialtais “Tairiscintí Glasa: Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG)” tá An Bord Pleanála tiomanta go mbeidh ról eiseamláireach ag an mBord féin maidir le soláthar poiblí glas nuair a chaitheann an Bord airgead.

Is próiseas é SPG mar gheall ar sholáthar poiblí a thugann deis don Bhord earraí agus seirbhísí a fháil agus a roghnú más rud é go laghdaítear an éifeacht ar an timpeallacht le linn an fhaid a n-úsáidtear iad i gcomparáid le réitigh agus le hearraí eile atá le fáil.

Is é polasaí an Bhoird tacú le húsáid na n-earraí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht – iad siúd a bhaineann le tíosach ar fhuinneamh, le caomhnú uisce, atá in-athchúrsáilte agus neamhthocsaineach.

#### **(5) Réimse na dTreoirínte**

Mar éascú tagartha, leagann an cháipéis seo amach na príomh-mhodhanna imeachta atá le cleachtadh sa Bhord maidir le: -

1. Córas Soláthar (lena n-áirítear teicneolaíocht eolais agus cumarsáide (TEC), trealamh oifige agus seirbhísí a sholáthar), agus seirbhísí eile atá le fáil nach bhfuil mar chuid de na Creat-chomhaontuithe Náisiúnta atá thuasluaite in alt (2), agus
2. Diúscairt Sócmhainní.

## **2. Saincheisteanna Ginearálta**

### **(1) Oifigeach Ainmnithe**

Cheap an Bord duine chun déileáil le cúrsaí a bhaineann le soláthairtí poiblí. Tá sé mar dhualgas ar an Oifigeach seo deimhin a dhéanamh de go bhfuil na cúrsaí go léir a bhaineann le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a chur ar fáil, chomh maith le diúscairt mhaoine agus trealaimh, go léir faoi réir na gceanglas dlíthiúil agus riaracháin. Is í Ellen Morrin, Oifigeach Sinsearach Riaracháin, sa Bhord an tOifigeach atá ainmnithe le haghaidh an chuspóra seo.

### **(2) Costas Comhiomlán**

Má tá sraith de chonarthaí gaolmhara molta in aon tréimhse 12 mhí, ní mór costas comhiomlán na gconarthaí sin a ríomhadh de réir na dtairseacha a luaitear sna treoirlínte seo.

### **(3) Saineolas agus Ionracas**

Ba chóir don Oifigeach Ainmnithe a dheimhniú go bhfuil baill foirne atá chun earraí a cheannach nó le conarthaí a bhronnadh ar an eolas faoi na Treoirlínte seo agus faoin aon rialacha AE nó idirnáisiúnta a bheadh ábhartha don chás agus go bhfuil cur amach ar an bhfrámaíocht dhlíthiúil acu agus ar an mbeartas faoina gcaithfear soláthar a dhéanamh. Mar chosaint i gcoinne cleachtais mhíchuibheasaigh nó neamheiticíúil caithfear feidhmeanna maidir le cúrsaí soláthair a dheighilt óna chéile, cur i gcás déanfar deimhin de go mbíonn idirdhealú ann maidir le hearraí agus le seirbhísí a ordú agus a fháil agus ón gcóras airgid chun íoc astu.

### **(4) Ceannacháin Ócáideacha**

Ba chóir próifílí ceannacháin a scrúdú ionas go laghdófar ceannacháin ócáideacha agus aonuaire. Maidir leis na rannóga a bhfuil riachtanais athfhillteacha nó leanúnacha acu ba cheart anailís a dhéanamh ar a gcuid riachtanas go meántréimhseach agus go fadtréimhseach. Ba cheart socrúithe cuí conarthacha a chur i bhfeidhm chun soláthairtí agus seirbhísí athfhillteacha a chur ar fáil go seolta agus go héifeachtúil maidir le costas.

## **(5) Treoirhionscadail**

Má tá céim threorach ag baint le próiseas soláthair, ba cheart an treoir a stiúradh ar mhodh a cheadódh agus a spreagfadh aithne a chur ar raonta agus roghanna éagsúla réiteach. Is cóir a bheith aireach agus gan caidreamh thar fóir a chothú le páirtí nó le páirtithe ar leith, ná aon rud a rachadh i gcoinne an phróisis chothroim oscailte nó a shrianfadh iomaíocht.

## **(6) Soláthraithe Aonair**

Nuair is gá déileáil le soláthraí, le soláthraí seirbhíse nó le conraitheoir aonair ba cheart idirbheartaíocht a dhéanamh chun na socruithe a thugann an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. Ba cheart a bheith aireach ag déileáil leis na daoine thuasluaite a bhfuil ceartas eisiach aige/aici soláthar nó seirbhís a dhéanamh i limistéar faoi leith. Ba cheart socruithe oscailte leis na dáileoirí eisiacha seo a sheachaint más féidir. Ní chuireann dlí iomaíochta na hÉireann ná an AE cosc ar sholáthraithe eisiacha earraí nó ar sheirbhísí a chur ar fáil dá gcustaiméirí lasmuigh den limistéar ábhartha má iarrann an custaiméir ar an soláthraí eisiach é sin a dhéanamh.

Is féidir luach níos fearr ar airgead a bhaint amach trí thairiscintí a lorg ó sholáthraithe, ó sholáthraí seirbhíse nó ó chonraitheoir eile taobh amuigh den réigiún ina bhfuil dáileoir eisiach. B'fhéidir gur chóir fógra a chur in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE) sa chás sin nó murach é sin soláthraithe ó thíortha eile a chuardach.

Má dhiúltaítear soláthairtí don Bhord ar an gcúis go bhfuil soláthraí eisiach ag soláthar earraí i limistéar údaráis an chonartha, ba chóir aird an Údaráis Iomaíochta a tharraingt ar an scéal: (01) 804 5400.

## **(7) Coinbhleachtaí Leasa**

Ba cheart fios a bheith ag baill den fhoireann faoi na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith i bpróiseas na tairisceana agus gníomhú dá réir chun a leithéidí a sheachaint. Ba cheart a bheith aireach agus deimhin a dhéanamh de go mbeadh

sonraíochtaí agus critéir na dtionscadal chomh hoscailte agus chomh cineálach agus is féidir, i dtreo is nach fabhar i gceist d'aon réiteach ná d'aon pháirtí ar leith.

## **(8) Forálacha Reachtúla**

Sula mbronnfaí Conradh, ba cheart don Bhord a bheith siúrálte go bhfuil aird tugtha ag na forthairgeoirí ar na forálacha reachtúla a bhaineann le pá íosta, le comhaontuithe tionsclaíocha/earnálacha a bhfuil ceanglas dleathach leo chomh maith le saincheistanna ábhartha maidir le cúrsaí sláinte mar aon le cúrsaí sábháilteachta. Ba chóir tagairt iomchuí a chur sna cáipéisí tairisceana don ghá atá le bheith géilliúil do na forálacha sin.

## **(9) Tairiscint Chlaonpháirteach**

Ba chóir don fhoireann a bheith ag faire amach do chleachtais frithiomaíochta cosúil le tairiscint chlaonpháirteach. Ba cheart aird an Údaráis Iomaíochta a tharraingt ar aon fhianaise faoi chlaonpháirteachas thairisceana: teileafón (01) 804 5400.

## **(10) Ciontuithe Coiriúla**

De réir na Treorach athbhreithnithe um sholáthairtí níl sé ceadaithe d'iarrthóirí nó d'fhorthairgeoirí Conradh poiblí a dhéanamh .i. iad siúd a ciontaíodh i gcoireacht eagraithe, i gcalaois, in éilliú nó i sciúradh airgid.

## **(11) Cáin Breis Luacha (CBL)**

Ba cheart iarraidh ar fhorthairgeoirí na tairiscintí a dhéanamh gan an CBL a lua. Forálann dlí an CBL cóiriú cothrom maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. Mar sin, ní chóir go mbeadh aon bhuntáiste nó míbhuntáiste iomaíochta ag baint leis na rialacha CBL agus iad á gcur i bhfeidhm i gceart.

Tá de cheangal ar an mBord CBL a íoc ar earraí agus ar sheirbhísí agus, go ginearálta ní féidir an CBL a íoctar a aisghabháil. I gcás earraí agus seirbhísí ar shonrasc atá eisithe ón Éirinn, gearrtar an CBL ar an mBord agus íocann soláthraí na n-earraí nó na seirbhísí an CBL do na Coimisinéirí Ioncaim. Mar sin féin, má tá an Bord ag fáil earraí, nó is gur dóigh go bhfaighidh, in aon tréimhse dhá mhí dhéag, os cionn luach áirithe ((€41,000 ón 1ú Eanáir, 2002) ó Bhallstáit eile san AE, tá de

cheangal ar an mBord agus an CBL a bhaineann leis na soláthairtí seo a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim (Ard-Bhailitheoir).

Caithfidh an Bord CBL a íoc ar **gach seirbhís sceidealaithe** (san áireamh na seirbhísí is coitianta a bhfaightear) go bhfaightear sonrasc orthu, saor ó CBL ó thar lear .i. níl íostairseach ar bith ann. Má tá ceangal ar an mBord clárú le haghaidh CBL toisc go bhfaightear seirbhísí sceidealaithe ó thar lear, tá CBL Éireannach dlite ar **na hearraí ar fad** a bhfaigheann sé, is cuma cad é méid na bhfáltas céanna. Ní mór don Bhord an CBL, áirithe ar an ráta cuí iníoctha in Éirinn, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, nuair a fhaightear earraí nó seirbhísí den chineál sin.

Is achoimre ghairid í an méid atá thuas ar na rialacha CBL a chuirtear i bhfeidhm ag fáil soláthairtí agus seirbhísí agus níl an fhaisnéis sin iomlán ann féin. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa bhileog fhaisnéise maidir le CBL eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an láithreán gréasáin [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) (Bileog Uimhir. 11/01), nó is féidir é a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Riarachán CBL, Foirgneamh na Stampála, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2: teileafón (01) 647 5000.

## **(12) Cáin Shiarchoinneála ar Sheirbhísí Gairmiúla**

Ní mór Cáin Shiarchoinneála ar Sheirbhísí Gairmiúla (CSSG) a bhaint de réir an ráta chaighdeánaigh as íocaíochtaí a dhéanann an Bord as seirbhísí gairmiúla. Tá faisnéis chuimsitheach maidir le CSSG le fáil i treoirleabhrán maidir le Cáin Shiarchoinneála ar Sheirbhísí Gairmiúla i gcomhair Daoine Cuntasacha agus Daoine Sonraithe [Bileog IT 61 - Eolaí Treorach na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Cáin larchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla \(PSWT\)](#). Tá seo foilsithe ar an láithreán gréasáin [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) nó is féidir é fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ach glaoch gutháin a dhéanamh ar (01) 878 0100.

## **(13) Teastais Imréitigh Cánach**

Déantar achoimriú ar imréiteach cánach conraitheoirí i gcioclán na Roinne Airgeadais '**Circular 22.95 Tax Clearance Procedures – Public Sector Contracts**' nó in aon leagan athbhreithnithe den fhoilseachán céanna a bhéas ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie), agus ní mór don Bhord cloí leis na forálacha seo.

Ba cheart do thairgeoirí teagmháil a dhéanamh lena gCeantar Cánach áitiúil féin nó le Rannán na gCásanna Móra, de réir mar is cuí. Is féidir na sonraí go léir maidir le conarthaí a fháil, agus freisin, d'fhormhór na gcásanna agus is féidir iarratas a dhéanamh ar líne le haghaidh Teastas Imreítigh Cánach faoi **'What's New'** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

Ba cheart de thairgeoirí, nach bhfuil cónaí orthu sa tír, teagmháil a dhéanamh leis an Ard-Bhailitheoir, Teach an tSáirséalaigh, Luimneach: teileafón (061) 310 310 nó 1890 203 070.

### 3. Nósanna Imeachta le haghaidh Soláthair

#### Na Tairisí a bhaineann leis an bPróiseas Iomaíoch ar leibhéal Náisiúnta & AE

Go príomha na conarthaí is coitianta a mbíonn an Bord ag déileáil leo ná na cinn a bhaineann le hEarraí agus le Seirbhísí.

Ar bhonn Náisiúnta	Luach na Conartha	Gníomh
	Níos lú ná €5,000 Earraí agus Seirbhísí	Meastachán béil atá faighte ó sholáthróir amháin nó níos mó. Caithfear taifead a choimeád le haghaidh iniúchadh a dhéanamh
	€5,000 - €25,000 Earraí agus Seirbhísí	Caithfear teagmháil a dhéanamh le, ar a laghad, trí sholáthróir nó le trí sholáthraí seirbhísí trí fhacs nó trí ríomhphost.
	€25,000 go dtí Tairseach an AE Earraí agus Seirbhísí	Tairiscintí oscailte agus fógrófar an comórtas ar shuíomh e-tenders
<b>AE</b>	€200,000 i gcás Seirbhísí €400,000 i gcás Fóntas	Tairiscint le fógraíocht ar shuíomhanna gréasáin e-tenders mar aon leis an



		gceann IOAE. Cloí go hiomlán le Treoracha AE.
--	--	---

Uaireanta déantar athbhreithniú ar Threoirlínte Náisiúnta agus ar Thairseacha AE. Is féidir na Treoirlínte náisiúnta is déanaí a fheiceáil le haghaidh soláthair a fháil ag [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie). Is féidir na tairseacha agus Treoracha is déanaí a fháil ar an suíomh gréasáin maidir le Soláthar Poiblí ag [www.simap.europa.eu](http://www.simap.europa.eu).

Tá treoirlíne le haghaidh nósanna imeachta sholáthair ar fáil san Aguisín 1 agus 2 agus tá eolas ar fáil freisin maidir leis na tairseacha agus leis na nósanna imeachta le haghaidh soláthair arna fhoilsiú ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) i 2012.

### **Fiontair bheaga agus mheánmhéide**

D'eisigh an Roinn Airgeadais Ciorclán 10/10 le haghaidh Soláthair dar teideal “Facilitating Participation of SME’s in Public Procurement” chun tacaíocht a thabhairt d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) agus mar gheall ar rannpháirtíocht na n-eagras seo sa Phróiseas Soláthair Phoiblí.

Leagadh amach sa doiciméad seo na beartais a bhaineann le húdaráis chonarthaí tacú le rannpháirtíocht na n-eagras i dtreo is go gcloítear leis na prionsabail agus leis na rialacha atá i bhfeidhm leis an gcóras rialúcháin reatha mar gheall ar sholáthar poiblí. Sa doiciméad seo is féidir eolas a fháil ar na nósanna imeachta gur chóir iad a sheachaint toisc gur féidir leo bac a chur ar ghnóthais bheaga a bheith ag iarraidh dul in iomaíocht le gnóthais eile chun conarthaí poiblí a fháil.

Mar chuid de na bunphrionsabail atá leagtar amach sa doiciméad:

- Foilseofar conarthaí ar shuíomh idirlín [www.etender.gov.ie](http://www.etender.gov.ie) le haghaidh soláthair agus seirbhísí ginearálta ar luach measta €25,000 nó níos mó, agus
- Tá socruithe nua atá á dtabhairt isteach a bhaineann le conarthaí atá le foilsiú agus atá faoi luach áirithe, caithefear iad a dhámh ar bhonn Iarratas Oscailte ar Thairiscintí .i. gan aon ghá le próiseas réamhcháiliúcháin. Maidir le conarthaí le haghaidh Soláthair agus Seirbhísí is é an tairseach a bhaineann leo ná €125,000.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil i gCiorclán 10/10 agus tá treoracha le fáil ar líne ag [www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie). faoi na beartais atá ann chun tacú le rannpháirtíocht na nGnóthas Beag agus Meánmhéide sa phróiseas um sholáthar poiblí.

## **4. Prionsabail agus Eisceachtaí**

Is é bunphrionsabail an Rialtais agus, dá bhrí sin tá sé mar pholasaí ag An Bord Pleanála maidir le soláthar go n-úsáidfead tairiscintí iomaíochta i gcónaí le haghaidh soláthar oibreacha/seirbhísí nuair a bheidh an costas níos mó na figiúirí íosta (féach ar na tairseacha thuasluaite i mír 3) ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. I gcásanna nach mbeadh sé beartaithe tairiscintí iomaíochta a úsáid, ní mór ceadú an Bhoird a fháil.

Ní bhaineann na riachtanais seo le:

1. I gcás thar a bheith práinneach, mar shampla má thagann teip ar chomhpháirt TFC nó má tharlaíonn cliseadh ar an gcóras ríomhaireachta, agus dá bhrí sin gá comhphárteanna nua a aimsiú i gcabhair leis an gcóras. Má tharlaíonn a leithéid agus i gcás go mbíonn an costas ceannaithe níos mó ná €25,000, seolfar tuarascáil mar gheall air sin chuig an bPríomh-Oifigeach laistigh de sheachtain agus déanfar cur síos sa tuarascáil mar gheall ar an gcás, ar na bearta a rinneadh agus ar na costais a bhaineann leis.
2. Is féidir leis an mBord faoi alt 120(2) nó 124 den Acht um Pleanáil agus Forbairt comhairleoirí a fhostú, más rud é go dóigh leis an mBord nach chun leasa an phobail é tairiscintí a lorg faoi choinne seirbhísí dá leithéid agus/nó nach ndéantar aon idirdhealú maidir le fhostú na gcomhairleoirí atá i gceist.
3. Aturnaetha nó abhcóidí a fhostú chun comhairle dhlíthiúil a thabhairt maidir le gníomhú ginearálta an Bhoird nó mar bhuan ghníomhaire dlí an Bhoird mar gheall ar iarratas athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na Cúirte nuair is gá le hionadaíocht dlí.

## **5. Meastóireacht agus Formheas Chonarthaí**

Cuirfear próiseas meastóireachta i bhfeidhm ar bhonn oibiachtúil agus ar bhonn trédhearcach agus baineann sé sin leis an bpróiseas dámhachtana agus bunaítear iad amháin ar na critéir atá le fáil sna cáipéisí dar teideal ‘Iarrataí ar Thairiscintí’. Mar chuid den phróiseas cuirfear Grúpa Tairisceana Meastóireachta le chéile – ar a laghad beidh beirt ón lucht bainistíochta nó leibhéal níos airde ar an nGrúpa agus beidh saineolaí seachtrach air mar chuid de más cuí – measfaidh na saineolaithe seo na cáipéisí agus le haghaidh sin bainfear úsáid as an gcóras scórála atá leagtha amach in Aguisín 4 ina leagtar amach na critéir chun meastóireacht chomparáideach a dhéanamh faoi gach critéar.

Mar chuid den phróiseas tairisceana measann an tOifigeach Sinsearach Riaracháin ábhartha (OSR), an Stiúrthóir Cúnta Pleanála, an Príomhoifigeach nó an Bord féin toradh an phróisis chun ceadú a dhéanamh air agus déanfar an measúnú sin ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach in Aguisín 3.

Chomh luath is atá an Conradh bronnta, beidh ar an soláthraí nó ar an soláthraí seirbhíse a n-éireoidh leis nó léi Conradh le síniú maidir leis na hearraí nó leis na seirbhísí de réir mar is cuí. Tá formáid na gconarthaí bunaithe ar na teimpléid atá le fáil ag 1) Conarthaí Earraí 2) Conarthaí le haghaidh Seirbhísí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin SNS (Seirbhís Náisiúnta Soláthair) ag [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie).

## **6. Conarthaí atá le síneadh**

Bíonn síneadh curtha le conarthaí áirithe ar bhonn rialta/tréimhsiúil m.sh. cothabháil, glantóireacht, comhairleoirí agus araile agus tá siad siúd go léir faoi réir forálacha an fhógra seo. Ar mhaithe le leanúnachas agus le héifeachtacht, áfach, is féidir conarthaí den chineál sin a bhronnadh le haghaidh tréimhse trí bliana agus rogha a bheith ann síneadh a chur leis an gconradh ar feadh bliana eile faoi réir an fhormheasa chuí.

Conartháí	Le ceadú
€0 go €25,000	Oifigeach Sinsearach Riaracháin/Stiúrthóir Cúnta Pleanála
€25,001 go €50,000	Príomh-Oifigeach
> €50,001	Bord an Bhoird Phleanála

Ní mór é seo a bheith ráite go soiléir in aon chuireadh ar a leithéid de thairiscintí. Is féidir méadú sna praghsanna a cheadú ach ní mór an mheicníocht a aontaíodh i gcomhair an mhéadaithe (m.sh. an ráta boilscithe bliantúil) a bheith luaite sa tairiscint agus curtha isteach sa chonradh nuair a shínítear an conradh.

## 7. Nósanna imeachta le haghaidh tairiscintí

D’fhoilsigh An Roinn Airgeadais cáipéis dar teideal “Public Procurement Checklist”, cáipéis a chur an tAonad atá i gceannas ar Pholasaí Náisiúnta le haghaidh Soláthair Phoiblí le chéile (PNSP). Sa cháipéis leagtar amach eolas ar an mbealach gur féidir riachtanas le haghaidh soláthair a aithint, é sin a shonrú agus ag an deireadh conradh a bhronnadh.

Sula gcuirfear tús le haon phróisis soláthair, cinnteofar go mbeidh dianghá leis an gceannach don Bhord Pleanála, dá bhrí sin, ba chóir ceadú a fháil roimh ré ón bPríomh-Oifigeach i gcás caiteachais suas go dtí €50,000 agus caithfear ceadú a fháil ón mBord féin más rud é gur caiteachas níos mó ná €50,000 a bheidh i gceist.

Baineann An Bord Pleanála úsáid as an seicliosta seo mar bhunús chun conradh le haghaidh soláthair a fhoilsiú. Tá an cháipéis seo ar fáil ar shuíomh gréasáin SNS (Seirbhís Náisiúnta Soláthair) ag [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie).

Is féidir sampla dar teideal “Leathanach samplach ina léirítear an córas scórála chun tairiscint a mheasúnú – i gcomhair seirbhís a sholáthar agus a bhainistiú” a úsáideann An Bord Pleanála ag Aguisín 4 thíos (Féach chomh maith ar Aguisín III de na Treoirínte le haghaidh Soláthair Phoiblí, ‘Procurement Guidelines-Competitive’ ar fáil chomh maith ag [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie)).

## 8. Róchaiteachas

Ní mór faire dhian a dhéanamh ar na tionscadail ar fad le bheith cinnte go ndéantar na hoibreacha nó na seirbhísí a chur i gcrích faoi theorainneacha na sonraíochta, an ama agus an chostais. Maidir le seo, ceapfaidh an Bord oifigeach tionscadail, más cuí, chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal. Má airítear go rachaidh an costas thar maol, nó má thiteann a leithéid amach, ní mór é seo a chur in iúl don Phríomh-Oifigeach chomh luath agus is féidir.

## **9. Sócmhainní a Dhiúscairt**

Caitear le nithe neamh-inchaite a cheannaítear suas go dtí an luach €1,000, nó thairis, mar shócmhainní caipitiúla, chun críche córais chuntasaíochta an Bhoird, agus cuirtear isteach faoi Chlár na Sócmhainní iad. Áirítear iad seo faoin gClár Comhardaithe.

Má chinneann an Bord sócmhainn a dhiúscairt ní mór Clár na Sócmhainní agus an Clár Comhardaithe a choigeartú mar is cóir agus caithfear nóta a dhéanamh de i dtreo is go gcloífead le riachtanais iniúchta. Tá an fhoirm chuí le fáil le haghaidh sócmhainn a dhiúscairt ar fáil in Aguisín 5.

In Alt 18 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú faightear na rialúcháin mar gheall ar Dhiúscairt Sócmhainní Stáit agus le haghaidh Rochtana ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe.

San alt seo deirtear maidir le haon sócmhainn a bhfuil luach €150,000 nó níos mó ag baint leis caithfear é a dhíol ag ceant nó trí chóras tairiscintí iomaíoch, seachas i gcásanna eisceachtúla (mar shampla má dhíoltar sócmhainn do chomhlachtaí carthanúla). Ba chóir go ndéantar é sin i slí thrédhearcach agus ar bhealach gur féidir praghas margaidh réasúnta a fháil chomh maith.

Tá breis eolais le fáil sa Chód Cleachtais maidir leis na nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu leis an mBord Pleanála sna chásanna seo.

## **10. Clár na gConarthaí**

Oscloídh agus coinneálfadh an Rúnaí Clár de na tairiscintí um sholáthairtí poiblí go léir. Déanfaidh sé / sí tuarascáil a chur chuig an gCoiste Bainistíochta faoi na conarthaí a fad a síníodh agus a chuireadh isteach ar an gClár leictreonach.

# Aguisín 1 – Tairseacha Náisiúnta le haghaidh Soláthair

## Tairseacha le haghaidh Soláthair

Fógraí conarthaí atá faoin tairseach AE nach bhfuil gá iad a fhoilsiú ar eTenders nó trí chuireadh díreach chun tairisceana a dhéanamh.

Méid airgid	Cineál Conartha	Nós imeachta
€0 - €24,999	Soláthairtí nó Conarthaí le haghaidh Seirbhísí	Meastacháin ó bhéal ó Sholáthróirí iomaíocha
€0 - €49,999	Oibreacha agus Seirbhísí a bhaineann leo	Meastachán Tapaidh (trí chuireadh díreach, ní fhoilsítear é ar eTenders). <a href="http://www.constructionprocurement.gov.ie">www.constructionprocurement.gov.ie</a> Féach ar Chreatlach Oibreacha Bainistíochta Caipitil GN 2.3 Alt 3.2
€25,000 - €125,000 €50,000 - €250,000	Soláthairtí nó Conarthaí le haghaidh Seirbhísí Oibreacha agus Seirbhísí a bhaineann leo	Nós imeachta oscailte gan a bheith in Iris Oifigiúil an AE (Féach ar Chiorclán 10/10 na Roinne Airgeadais) Féach ar Oibreacha Bainistíochta Caipitil Creatlach GN 2.3 Alt 1.2
€125,001 – Tairseach AE €250,000 – Tairseach AE	Soláthairtí nó Conarthaí le haghaidh Seirbhísí Oibreacha agus Seirbhísí a bhaineann leo	Aon nós imeachta nach mbaineann le hIris Oifigiúil an AE ach de ghnáth is nós oscailte nó srianta é Féach ar Oibreacha Bainistíochta Caipitil Creatlach GN 2.3 Alt 1.2
Os cionn Tairseacha AE	Oibreacha, Soláthairtí nó Conarthaí le haghaidh Seirbhísí	Aon nós imeachta a bhaineann le hIris Oifigiúil an AE ach de ghnáth is nós oscailte nó srianta é

## Aguisín 2 – Tairseacha AE agus a bhaineann leis an gComhaontú Rialtais le haghaidh Soláthair

I gcás na dTairseacha (ar leith ó CBL) seo le haghaidh Soláthair bíonn sé éigeantach fógraí a fhoilsiú le héifeacht ó 1 Eanáir, 2012.

Fógraí conarthaí atá faoin tairseach AE nach bhfuil gá iad a fhoilsiú ar eTenders nó trí chuireadh díreach chun tairisceana a dhéanamh.

Rinneadh athbhreithniú ar Threoracha le haghaidh soláthair chun rialacha a bhaineann leo a shimpliú agus le haghaidh sin cuireadh deireadh leis an gcóras córas dhá shraith a bhí i bhfeidhm faoi na hiar-Threoracha agus faoin gComhaontú Rialtais le haghaidh Soláthair (CRS) faoin Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus na suimeanna tairseacha a chothromú.

Is iad siúd na príomhthairseacha i gcás fógraíochta in Iris Oifigiúil an AE le héifeacht ó 1 Eanáir 2012:

<b>Oibreacha</b>		
<b>Fógra Conartha</b>	€5,000,000	Baineann an tairseach seo le Ranna agus le hOifigí Rialtais, le hÚdaráis Áitiúla agus Réigiúnacha agus le Comhlachtaí Poiblí
<b>Soláthairtí agus Seirbhísí</b>		
<b>Fógra Conartha</b>	€130,000	Baineann an tairseach seo le Ranna agus le hOifigí Rialtais
<b>Fógra Conartha</b>	€200,000	Baineann an tairseach seo le Ranna agus le hOifigí Rialtais agus le Comhlachtaí Poiblí lasmuigh den earnáil Fóntas
<b>Fóntais</b>		
<b>Conarthaí Oibreacha/Fógra Táscach Roimh Ré</b>	€5,000,000	Baineann an tairseach seo le comhlachtaí atá cumhdaithe faoin CRS

<b>Soláthairtí nó Conarthaí le haghaidh Seirbhísí</b>	€400,000	Baineann an tairseach seo le comhlachtaí atá cumhdaithe faoin CRS
---	----------	---

Anois is arís déantar athbhreithniú ar Threoirlínte Náisiúnta agus ar thairseacha an AE.

Is féidir an t-eolas is déanaí a fháil mar gheall ar na treoirlínte náisiúnta le haghaidh soláthair ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ar an suíomh idirlín

[www.procurement.ie](http://www.procurement.ie).

### **Aguisín 3 – Conarthaí le ceadú**

	<b>€0- €25,000</b>	<b>€25,001 - €50,000</b>	<b>&gt;€50,000</b>
<b>Nuair a ghlactar leis an tairiscint is ísle</b>	Oifigeach Sinsearach Riaracháin/Stiúrthóir Cúnta Pleanála	Príomh-Oifigeach	Príomh-Oifigeach
<b>Nuair nach nglactar leis an tairiscint is ísle</b>	Príomh-Oifigeach	Príomh-Oifigeach	Bord an Bhoird Phleanála



## Aguisín 4 – Leathanach samplach ina léirítear an córas scórála chun tairiscint a mheasúnú – i gcomhair seirbhís a sholáthar agus a bhainistiú

Critéir dámhachtan a maidir le conarthaí	Caighdeán an togra maidir leis an tseirbhís atá sonraithe san Iarratas Tairisceana	Struchtúr Bainistíochta agus seirbhíse atá beartaithe	Saineolas agus scileanna ag na daoine i gceannas ar an togra	Clár-ama le haghaidh Soláthair Seirbhíse	Costas atá beartaithe chun seirbhís a chur ar fáil	Marcanna bronnta
An méid marcanna atá ar fáil	70	30	30	20	50	200
Comhlacht A	60	24	22	12	30	148
Comhlacht B	62	30	27	15	42	176
Comhlacht C	49	11	12	15	25	112
Comhlacht D	55	22	25	14	40	156
Comhlacht E	60	25	16	15	40	156

## **Aguisín 5 – Foirm maidir le diúscairt sócmhainní seasta**

Uimhir na sócmhainne: \_\_\_\_\_

Cineál sócmhainne atá i gceist: Earraí Crua TF/Trealaimh oifige (Scríos de réir mar is cuí)

Tuairisc ar shócmhainn: \_\_\_\_\_ + \_\_\_\_\_

(.i. Tiomántán Crua, Monatóir srl.)

Sraithuimhir: \_\_\_\_\_

Suíomh na sócmhainne: \_\_\_\_\_

Dáta ceannaigh: \_\_\_\_\_

Luach earraí ceannaithe: \_\_\_\_\_

Luach Reatha: \_\_\_\_\_

Cúis Diúscartha: \_\_\_\_\_

Brabús ar ar dhiúscairt na sócmhainní: \_\_\_\_\_

Modh diúscartha: Scriosta/Díolta/Athchúrsáilte

Iarratas chun sócmhainn thuasluaite a dhiúscairt:

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Tugadh cead chun sócmhainn thuasluaite a dhiúscairt:

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

[Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha/An Príomh-Oifigeach/Ball an Bhoird]

Foirm le húsáid ag an Rannóg Airgeadais amháin – le húsáid ag Oifigeach

Feidhmiúcháin Sinsearach nó duine níos sinsearaí

An diúscairt scríofa ar an gClár: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_